

## Bealaí chun tacú le do pháiste sa Mhatamaitic ó lá go lá – Eolas do thuismitheoirí

Tá do pháiste ag foghlaim faoi smaointe matamaiticiúla agus ag fáil taithí orthu ón lá ar rugadh é. Tá an mhatamaitic i ngach áit, agus tá sí i ndán do gach duine – matamaiticeoir é gach uile pháiste! Is uirlis thábhachtach í an mhatamaitic a chuidíonn linn ciall a bhaint as an domhan ina mairimid, agus is féidir tacú le páistí dul i ngleic leis na coincheapa agus na smaointe matamaiticiúla atá ina n-áiteanna cónaithe, i suíomhanna oideachais, agus sa domhan mórthimpeall orthu agus a bheith spráúil leis na coincheapa agus na smaointe céanna.

Seo cúpla leid faoin gcaoi ar féidir leat foghlaim na matamaitice a chuimsiú i ngníomhaíochtaí laethúla do pháiste:

Spreag do pháiste le struchtúir a thógáil ach úsáid a bhaint as bloic thógála, taos súgartha, Lego, srl.

Breathnaigh agus déan plé ar admhálacha siopadóireachta agus ar chúpóin le do pháiste agus déan plé ar phraghsanna, ar shábháil airgid, ar thairiscintí speisialta, srl.

**Labhair le do pháiste faoi chúrsaí eagrúcháin, m.sh., míreanna mearaí a chur i mbosca amháin, agus teidithe a chur i mbosca eile, na nithe a mbaintear an úsáid is mó astu a chur in áit a bhfuil fáil éasca orthu.**

Spreag do pháiste le cúnamh a thabhairt le bréagáin, leabhair, srl., a eagrú agus a chur i dtaisce.

Bígí ag éisteacht le rainn uimhreach agus chuntais, m.sh., *Cúigear Fear ag Tógáil Tí* nó *A hAon, a Dó, Muc is Bó*.

**Agus sibh ag éisteacht le ceol, bígí ag caint faoi na patrúin ríme sna liricí.**

Agus tú ag léamh le do pháiste, tarraing aird an pháiste ar smaointe matamaiticiúla sa leabhar, m.sh., cruthanna, am, gluaiseacht agus aistir na gcarachtar.

Tabhair deiseanna do do pháiste le hairgead/dearbháin/cúpóin a úsáid i siopaí, bialanna, srl.

Imir cluichí ar nós Roille, Roille Ráinne agus Deir Ó Grádaigh. Bí ag caint faoi chúrsaí luaille sna cluichí seo, m.sh., ag léim thart ar an gciorcail, ag bogadh siar is aniar, ag tógáil céim ar chlé/ar dheis.

**Spreag do pháiste lena rainn, dánta nó scéalta uimhreach féin a chumadh.**

Labhair le do pháiste faoi na bealaí iomadúla a mbainimid úsáid as uimhreacha, m.sh., uimhreacha gutháin, uimhreacha ar gheansaithe spóirt, céimeanna d'oideas a chur in ord de réir uimhreach.

Tarraing aird do pháiste ar an úsáid a bhaineann sé as cruthanna san ealaín, agus spreag é le cruthanna a dhéanamh ag baint úsáid as páipéar, gaineamh, srl.

Déan an comhaireamh a chleachtadh trí chluichí ar nós Chleas na Bacóide, Nathracha is Dréimírí, srl.

Labhair le do pháiste faoi na cruthanna a fheiceann siad. Bígí ag plé faoina méid, líon na sleasa atá orthu, más féidir leo rolladh, srl. Bainigí triail as 'Feicimse le mo shúile beaga cinn' a imirt le cruthanna.

Déan míreanna mearaí le do pháiste.

Bígí ag imirt cluichí cláir ar nós Monopoly, Scrabble, Connect 4, Fichille, srl.

Spreag do pháiste le dreasa damhsa a fhoghlaim nó a leanúint, m.sh., Hócaí Cócaí, Ionsaí na hInse, nó ceann dá chuid féin a chruthú.

Déanaigí ócáidí speisialta a mharcáil ar fhéilire agus na laethanta go dtí na hócáidí sin a chomhaireamh.

Bí ag caint faoi laethanta na seachtaine agus faoi mhíonna/shéasúir na bliana. Bígí ag plé an méid a tharla inné, nó an méid a tharlóidh amárach/arú amárach.

**Spreag do pháiste le húsáid a bhaint as féilire pleanála nó dialann sheachtainiúil/mhíosúil.**

Bí ag caint faoi sceidil laethúla le do pháiste, m.sh., bíonn am lóin ag a 1 a chlog, bíonn am luí ag a 7 a chlog, srl. Cuir na hamanna sin in iúl dó ar chloig dhigiteacha/analógacha.

**Tabhair ról do do pháiste le linn éadaí, bréagáin, leabhair, srl., a ghlanadh amach. Déan nithe a chatagóiriú, m.sh., 'coinnigh', 'bronn', 'athchúrsáil'.**

Bígí ag cleachtadh nithe a chomhroinnt, cuir i gcás bia agus bréagáin, ar bhealach cothrom.

Bí ag caint le do pháiste faoi thomhais atá ábhartha dó, m.sh., a airde, tomhas bróg, srl.

Bígí ag fiosrú agus ag súgradh le coimeádáin ar chruthanna agus méideanna difriúla. Bígí ag caint faoi na nithe a thógann níos mó/níos lú, céard atá folamh/lán, srl.

**Spreag do pháiste le húsáid a bhaint as scálaí, cupáin tomhais agus crúiscíní, srl., chun na comhábhair a thomhas go cruinn.**

Bígí ag caint faoi phatrúin is féidir a fheiceáil, cuir i gcás patrúin ainmhithe, patrúin ar éadaí, srl. Déanaigí patrúin ag baint úsáid as cnaipí, coirníní, srl.

**Bí ag tacú le do pháiste chun éadaí a eagrú go séasúrach, agus éadaí a shórtáil roimh níochán, m.sh., iad a eagrú de réir éadaí geala agus daite, lipéid cúraim níocháin a leanúint go cúramach.**

Spreag do pháiste le cúnaimh a thabhairt chun éadaí a shórtáil agus a eagrú, m.sh., stocaí a chur ina bpéirí, éadaí a chur san áit cheart sa vardrús.

**Spreag do pháiste le léarscáileanna a úsáid (cinn fhisiciúla nó dhigiteacha) chun bealaí a phleanáil go héifeachtúil. I gcás turais fhada, bí ag caint faoi na bailte/contaetha a dtaistealóidh sibh tríothu, na sainchomharthaí a bhféadfadh sibh gabháil tharstu, srl.**

Bíodh do pháiste páirteach i dturais siopadóireachta. Spreag iad a bheith ag smaoineamh faoi na rudaí atá sa chófra/chuisneoir, agus faoi na rudaí atá le cur leis an liosta siopadóireachta.

Tabhair ról do do pháiste i ngníomhaíochtaí cócaireachta/bácála agus bígí ag caint faoi chainníochtaí na gcomhábhar, na céimeanna san oideas, an t-am a thógann sé, agus a leithéidí.

Tabhair ról do do pháiste agus cumhdach á chur ar bhronntanais.

Téigh i mbun súgradh bréagach le do pháiste, m.sh., cluichí oifige poist, bialainne, siopa.

Agus sibh ag dul ar siúlóid nó ag tabhairt geábha sa charr, bí ag caint faoin mbealach a ghlacfaidh sibh.

**Tarraing aird do pháiste ar luasteorainneacha, an luasmhéadar sa charr, srl. Pléigh cá fhad a d'fhéadfadh a bheith i gceist le turas má thiomáintear ag 80kph/100kph, srl.**

**Labhair le do pháiste faoi tháirgí a chuirtear chun cinn agus faoi thairiscintí speisialta. Cuir ceisteanna ar nós: An fearr an luach ar airgead a bhaineann le grán rósta mór amháin a roinnt, nó péire beag a cheannach?**

**Déan oidis a leasú de réir an riartha a theastaíonn.**

Breathnaigh agus déan plé ar chomharthaí bóithre. Cuir ceisteanna ar nós: Cén cruth atá ar an gcomhartha? Cad is ciall leis an uimhir/tsiombail ar an gcomhartha? Cén baile is faide uainn?